An Coimisinéir Gaeilge
Irish Language Commissioner

FÁILTE

Nuachtlitir an Choimisinéara Gaeilge

Tá mé iontach sásta fáilte a chur romhat chuig an chéad eagrán de nuachtlitir Oifig an Choimisinéara Gaeilge. Coinneoidh an nuachtlitir seo ar an eolas thú fán obair s'againn a bhaineann le caidrimh dhearfacha a chothú leis na húdaráis phoiblí, le páirtithe leasmhara agus leis an phobal i gcoitinne. Fríd an nuachtlitir seo, gheobhaidh tú an t-eolas is déanaí ar an obair s'againn, ar fhorbairt na gcaighdeán dea-chleachtais agus agus scéala eile ó earnáil na Gaeilge ar fad. Is cuid lárnach í an Ghaeilge den tírdhreach cultúrtha agus teanga s'againn. Tá muid ag dúil go mór le bheith ag obair le heagraíochtaí agus pobail le dea-chleachtas a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt ionas go mbeidh deiseanna níos fearr ann an Ghaeilge a fheiceáil, a chluinstin agus a úsáid sa tsaol phoiblí.

Go raibh maith agat.

Ta súil agam go bhfaighidh tú go leor eolais sa nuachlitir seo agus go mbainfidh tú tairbhe aisti

Pól Deeds
An Coimisinéir Gaeilge

TÚS MAITH LEATH NA HOIBRE

CAD A BHÍ AR SIÚL AGAINN

Ó bhunú na hOifige s'againn, tá teagmháil déanta ag an Choimisinéir le páirtithe leasmhara ó earnálacha éagsúla. Agus muid ag freastal ar imeachtaí agus cruinnithe éagsúla, tá muid ag iarraidh caidrimh dhearfacha a chothú leis na húdaráis phoiblí agus úsáid agus feiceálacht na Gaeilge a chur chun cinn sa tsaol phoiblí.

Bhí muid iontach sásta páirt a ghlacadh sa tsraith imeachtaí a d'óstáil Belfast Exposed, agus bhí deis againn Lá Theanga agus Chultúr na nGael a eagrú chomh maith, a rinne ceiliúradh ar an ról atá ag teanga, ealaíon agus cultúr i rannpháirtíocht agus léiriú féiniúlachta.
Ceann de na buaicphointí a bhí againn go dtí seo ná an Chomhdháil Dea-chleachtais maidir le Mionteangacha a d'eagraigh muid le hOllscoil Uladh i mí an Mheithimh (níos mó sonraí le teacht ar leathanaigh eile).

CAD É AN CHÉAD CHEIM EILE?

Sna míonna atá romhainn, beidh muid ag díriú ar fhorbairt na gcaighdeán dea-chleachtais, dá bhforáiltear faoin Acht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Eireann) 2022. Leagfaidh na caighdeáin seo treoir amach do na húdaráis phoiblí maidir le húsáid na Gaeilge agus soláthar seirbhísí atá bunaithe ar dhea-chleachtas.
Tá muid ag dúil go mór le tuilleadh teagmhála a dhéanamh le páirtithe leasmhara mar a fhorbraíonn an obair seo agus an t-eolas is déanaí a chur ar fail i nuachtlitreacha eile amach anseo.



NEARTAÍONN COMHDHÁIL AR THEANGACHA MIONLAIGH AN COMHOIBRIÚ TRASDLÍNSE AGUS COMHROINNT AN DEA-CHLEACHTAIS

Tháinig ionadaí ó údaráis phoiblí, coimisinéirí teanga agus oifigigh shinsearacha ó fud fad fud fad na n-oileán seo le chéile don Chomhdháil Dea-chleachtais maidir le Mionteangacha. Ba chéim mhór chun tosaigh í an Chomhdháil a dhírigh ar thacaíocht do mhionteangacha dúchasacha a neartú trí chomhoibriú, nuálaíocht agus saineolas a chomhroinnt.

Tharraing an Chomhdháil, a reáchtáil Oifig an an Choimisinéara Gaeilge agus Ollscoil Uladh, lucht déanta beartais, ceannasaí ón earnáil phoiblí, agus saineolaí teanga le chéile le hiniúchadh a dhéanamh ar an chur chuige praiticiúil is fearr maidir le cur i bhfeidhm beartais, rannpháirtíocht phoiblí, agus soláthar seirbhísí.
Labhair na daoine seo a leanas:

Pól Deeds, An Coimisinéir Gaeilge
Efa Gruffudd Jones, Coimisinéir na Breatnaise
Lee Reynolds, Coimisinéir don Traidisiún Albanach Ultach agus don Traidisiún Briotanach Ultach

Thug an Chomhdháil deis thábhachtach do na húdaráis phoiblí na deiseanna agus dúshláin atá ann maidir le tacaíocht a thabhairt do mhionteangacha agus soláthar seirbhísí a phlé.
Bhí sé iontach tábhachtach go raibh Coimisinéir na Breatnaise agus a foireann shinsearach páirteach san imeacht, agus leis an chuairt s'acu go Béal Feirste, léirítear an dea-chaidreamh agus comhoibriú idir na hinstitúidí teanga i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Bheag atá ag fás. Tháinig an chuairt seo ar shála cuairt eile a raibh rath uirthi a thug Oifig an Choimisinéara Gaeilge go dtí an Bhreatain Bheag níos luaithe sa bhliain. Thug an chuairt seo léargas luachmhar don Oifig maidir le cosaint agus cur chun cinn na Breatnaise san earnáil phoiblí, an Senedd agus institiúidí ardoideachais san áireamh.







Agus é ag caint i ndiaidh na comhdhála, deir Pól Deeds, an Coimisinéir Gaeilge:

“Leis an chomhdháil seo, léiríodh an luach a bhaineann le húdaráis phoiblí a tharraingt le chéile le taithí a chomhroinnt agus le bheith ag foghlaim óna chéile. Chuala muid samplaí praiticiúla ar an dóigh le beartais teanga a chur i bhfeidhm agus an dóigh ar féidir linn soláthar seirbhísí poiblí a neartú fríd rannpháirtíocht le pobail éagsúla. Bhí muid iontach sásta fáilte a chur roimh Choimisinéir na Breatnaise agus a fhoireann go Béal Feirste. Tá an caidreamh idir na hoifigí s’againn ag fás agus cuireann sé deis iontach ar fáil dúinn a bheith ag foghlaim agus ag obair le chéile.

Fríd eolas agus dea-chleachtas a chomhroinnt, is féidir linn tacaíocht níos fearr a chur ar fáil do phobail na mionteangacha agus a áirithiú go bhfuil cearta teanga sa ghláthshaol phoiblí bainte amach.”



Rinne an Dr Niall Comer ó Ollscoil Uladh cur i láthair ar an taighde atá á dhéanamh ag an ollscoil fá láthair maidir le caighdeáin teanga, beartais mionteangacha i dtíortha éagsúla fud fad an domhain, creataí chur i bhfeidhm agus rannpháirtíocht phoiblí. Fuair siad siúd a d’fhreastail ar an chomhdháil léargas fianaisebhunaithe luachmhar ar an dóigh le beartais teanga a chur le chéile.

Bhí ionchur ó Rob Dunbar (Cathaoirleach Bhòrd na Gàidhlig agus comhalta de Choiste na Saineolaithe ar an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh) a sheol fístheachtaireacht chugainn maidir leis an obair s’aige agus reachtaíocht teanga in Albain.



Tugann Coimisinéir na Breatnaise cuairt ar Chnoc an Anfa le Comhoibriú Teanga a neartú

Mar chuid de chuairt tháirgiúil go Béal Feirste, thug Coimisinéir na Breatnaise Efa Gruffudd Jones agus a hoireann shinsearach cuairt ar Fhoirgnimh na Parlaiminte ag Cnoc an Anfa leis an Choimisinéir Gaeilge Pól Deeds agus a fhoireann, an Coimisinéir don Traidisiún Albanach Ultach agus don Traidisiún Briotanach Ultach agus an Dr Katy Radford.

Phléigh siad le cur chun cinn teanga agus cosaint do mhionteangacha dúchasacha agus an ról lárnach atá ag údaráis phoiblí maidir le tacaíocht a thabhairt d'éagsúlacht teangacha.



Le linn a gcuid ama ag Cnoc an Anfa, d'fhoghlaim an toscaireacht fá fheidhmiú Thionól Thuaisceart Éireann agus rinne siad iniúchadh ar na deiseanna atá ann le soláthar teanga agus inrochtaineacht a neartú taobh istigh d'institiúidí poiblí.

Thug an chuairt seo deis le machnamh a dhéanamh ar an taithí atá ag an dá dhlínse maidir le creataí beartais teanga a fhorbairt agus tacú le cearta teanga sa tsaol phoiblí. Dhírigh siad ar an tábhacht atá le comhoibriú idir na coimisinéirí teanga, lucht déanta beartais agus údaráis phoiblí le háirithiú go mbeidh mionteangacha faoi bhláth i sochaí an lae inniu.

Bhí rannpháirtithe ábalta tuairimí a mhalartú ar na deiseanna agus na dúshláin roimh phobail teanga agus rinne siad machnamh ar an dóigh ar féidir seirbhísí poiblí a dhearadh ionas gur féidir leo freastal ar riachtanais úsáideoirí teanga ar bhealach níos éifeachtaí.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.



Bhí rannpháirtithe ábalta tuairimí a mhalartú ar na deiseanna agus na dúshláin roimh phobail teanga agus rinne siad machnamh ar an dóigh ar féidir seirbhísí poiblí a dhearadh ionas gur féidir leo freastal ar riachtanais úsáideoirí teanga ar bhealach níos éifeachtaí.





Leis an chuairt seo, tugadh deis don toscaireacht Breatnaise, tuigbhéail níos doimhne a fháil ar an earnáil bheoga Ghaeilge i mBéal Feirste. Ar feadh an chláir, bhuail na cuairteoirí le hionadaithe pobail agus d'fhoghlaim siad fán obair nuálach atá ar siúl i dtionscnaimh oideachais, forbartha pobail agus fostaíochta.

Agus é ag caint fán chuairt, dúirt an Coimisinéir Gaeilge Pól Deeds: "Tá comhpháirtíochtaí mar seo fíorluachmhar agus neartaíonn siad caidrimh idir eagraíochtaí teanga agus institiúidí poiblí. Tá go leor is féidir a fhoghlaim trí eispéiris roinnt, agus thug an chuairt go Cnoc an Anfa deis iontach plé a dhéanamh ar bhealaí praiticiúla chun tacú le mionteangacha agus le pobail teanga."









TUGANN COIMISINÉIR NA BREATNAISE CUAIRT AR EARNÁIL BHEOGA GHAEILGE LE LINN CUAIRT AR BHÉAL FEIRSTE

San áireamh i gclár na toscaireachta, bhí cuairteanna go Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Cumann Chluain Árd, Raidió Fáilte, Caifé ANAM ag Glór na Móna, agus Gaelchúrsaí, rud a thug forléargas leathan ar na bealaí a bhfuil an Ghaeilge leabaithe sa ghnáthshaol i mBéal Feirste.

"**Ná habair é, déan é!**" Gabhann an frása simplí seo spiorad, uaillmhian agus diongbháilteacht cuid mhaith de na tionsnaimh pobail a raibh sé de phribhléid againn cuairt a thabhairt orthu le linn turas go Béal Feirste a rinne muid le déanaí. I gcathair inar tháinig athruithe móra ó thaobh an na sochaí' agus na polaitíochta de le blianta fada anuas, ní féidir neamhaird a dhéanamh ar an fhuinneamh agus ar an tiomantas atá ann leis an teanga agus leis an fhéiniúlacht chultúrtha a chothú - Toscaireacht Breatnaise.

---

www.coimisineir.org

Comhrá Pobail ar Thodhchaí na Gaeilge

Bhí an Coimisinéir Gaeilge thar a bheith sásta a bheith i measc an phobail ag Ionad Gheann Darach, in éineacht leis an Dr Órla Nig Oirc le haghaidh plé rannpháirtíoch corraitheach ar thodhchaí na Gaeilge.

Thug an oíche deis fhiúntach le cluinstin go díreach ó Ghaeilgeoirí, foghlaimeoirí agus lucht tacaíochta fána n-eispéiris, ardaidhmeanna agus dóchais do na blianta amach romhainn.







Tugann Pól Deeds cuairt ar Scoil Samhraidh Ghaeltacht Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Thug an Coimisinéir Gaeilge, Pól Deeds cuairt ar Scoil Samhraidh Ghaeltacht Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le déanaí, áit ar bhuail sé le mic léinn agus le baill foirne atá rannpháirtíoch sa chlár móréilimh Gaeilge. Le linn a chuairte, labhair Pól ar ról an Chomisinéara Gaeilge, an tábhacht a bhaineann le cearta teanga, agus na deiseanna ata ar fáil do dhaoine óga trí Ghaeilge. Bhí deis ag na mic léinn fosta labhairt ar an taithí s'acu ar fhoghlaim agus úsáid na Gaeilge agus ceisteanna a chur faoi obair an Choimisinéara. Leis an chuairt sin, tarraingíodh aird ar an ról ríthábhachtach atá ag tionscnaimh amhail Scoil Samhraidh Ghaeltacht Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath i dtacú leis an chéad ghlúin eile de Ghaeilgeoirí agus rannpháirtíocht fadsaol a chothú leis an teanga. Mhol Pól an díograis agus tiomantas léirithe ag na rannpháirtithe agus spreag sé iad chun leanstan le husáid agus cur chun cinn na Gaeilge ina gcuid staidéir, gairmeacha agus saolta laethúla.

Seoladh an tSuirbhé ar Dhearcthaí i leith na Gaeilge 2025



D'fhreastail an Coimisinéir Gaeilge ar sheoladh an tSuirbhé ar Dhearcthaí i leith na Gaeilge 2025, a d'fhoilsigh Foras na Gaeilge.
Tá na torthaí spreagúil,agus tarraingítear aird iontu ar an tacaíocht atá ag dul i méid ar fud na sochaí, go háirithe i measc glúnta níos óige. Léirítear sa tsuirbhé meon dearfach do thodhchaí na Gaeilge agus léirítear aitheantas méadaitheach ann ar a luach mar chuid thábhachtach dár n-oidhreacht chultúrtha agus teanga chomhroinnte.

Cé go bhfáiltítear roimh an tacaíocht mhéadaitheach seo, tarraingíonn sí aird fosta ar an tábhacht a bhaineann le níos mó deiseanna a chruthú do dhaoine an Ghaeilge a usáid ina ngnáthshaol.

Beidh comhoibriú leanúnach idir pobail, eagraíochtaí agus seirbhísí poiblí ríthábhachtach lena chinntiú go mbeidh an teanga faoi bhláth agus ag forbairt do na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh.









Le roinnt seachtainí anuas, bhí deis ag an Choimisinéar Gaeilge bualadh le réimse leathan d'eagraíochtaí, pobail agus páirtithe leasmhara.

Reachtálaíodh sraith cruinnithe táirgiúla le comhairlí áitiúla agus ionadaithe tofa le plé a dhéanamh ar obair na hOifige agus deiseanna tacú leis an Ghaeilge sa tsaol phoiblí. Bhí muid thar a bheith sásta fosta fáilte a chur roimh ionadaithe ó Noregs Mållag, rud a thug deis eispéiris agus dearcthaí ar chur chun cinn agus athneartú teanga a chomhroinnt. D'fhreastail an Coimisinéir ar roinnt imeachtaí ag Belfast Exposed fosta, rud a tharraing aird ar an tábhacht a bhaineann le ról na n-ealaíon agus an chultúir i rannpháirtíocht pobail agus léiriú féiniúlachta.











TAITHÍ OIBRE

Luke's Story

Ag cur fáilte roimh mhac léinn Ard Leibhéil do thaithí oibre

Where would you like to see the language in the future?
Cá háit ar mhaith leat an teanga a fheiceáil amach anseo?

Ba mhaith liom go gcaithfí leis an Ghaeilge níos lú mar rud neamhghnách agus níos mó mar theanga bheo cheart. Creidim nár cheart í a fheiceáil mar chuid dár gcultúr amháin, ach mar shíneadh dínn féin. Tagann ár gcumas mothúcháin a chur in iúl trí na focail a úsáidimid, agus mar sin sílim go bhfuil dualgas orainn na focail a d'úsáid ár sinsir a chaomhnú. B'fhéidir, má bhíonn an t-ádh linn, go n-úsáidfidh ár sliocht na focail chéanna arís amach anseo.

When did you start learning Irish and why?
Cén uair a thosaigh tú ag foghlaim na Gaeilge agus cén fáth?


Thosaigh mé ag foghlaim na Gaeilge nuair a bhí mé timpeall aon bhliain déag d'aois. Cé go raibh aithne ag formhór mo mhuintire fairsinge ar an Ghaeilge, ní raibh sí á labhairt go líofa ag mo dheartháireacha ná ag mo thuismitheoirí. Mar sin, shocraigh mé tabhairt fúithi agus mé ag dul isteach sa mheánscoil. Ní raibh aon teanga eile foghlamtha agam go dtí sin, agus bhí sé sách scanrúil dom. Deir cuid mhór daoine gur teanga chrua í an Ghaeilge, agus d'aontóinn leo sin. Ina ainneoin sin, d'éirigh go maith liom i mo rang Gaeilge, b'fhéidir mar gheall ar an spéis mhacánta a bhí agam sa teanga, rud nach mothaím go minic maidir le hobair scoile. Ghnóthaigh mé m'fháinne Airgid sa bhliain 2023, agus tá mé ag súil le m'fháinne Óir a bhaint amach go luath.

What do you think needs to be done for the language?
Cad é, dar leat, atá de dhíth le déanamh ar son na teanga?

Sílim go bhfuil aitheantas de dhíth ar an Ghaeilge thar aon rud eile. Ba cheart caitheamh léi mar rogha eile seachas an Béarla, ní mar theanga níos lú ná é. Ní mór an Ghaeilge a theagasc dár bpáistí agus iad óg ionas go mbeidh an rogha acu í a labhairt nuair a fhásfaidh siad aníos. Tá níos mó infheictheachta de dhíth uirthi fosta. Mar shampla, cuideoidh comharthaí dátheangacha le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus leis an teanga a neartú, dar liom.

COMHRÁ LEIS NA COIMISINÉIRÍ TEANGA AGUS FÉINIÚLACHTA COLÁISTE OLLSCOILE NAOMH MUIRE, BÓTHAR NA BHFÁL

FÉILE AN PHOBAIL



D'óstáil Coláiste Ollscoile Naomh Muire ar Bhóthar na bhFál imeacht speisialta leis na Coimisinéirí Teanga agus Féiniúlachta mar chuid d'Fhéile an Phobail. Thug Pól Deeds, an Coimisinéir Gaeilge, agus Lee Reynolds, an Coimisinéir don Traidisiún Albanach Ultach agus an Traidisiún Briotanach Ultach, léargas ar an obair atá ar siúl acu agus an tábhacht a bhaineann leis na traidisiúin teanga agus cultúrtha ó thuaidh a chur chun cinn, a chosaint agus a chothú.

Phléigh siad an caidreamh idir cúrsaí teanga, féiniúlachta agus oidhreachta le tuiscint níos doimhne a thabhairt dóibh siúd a bhí ag freastal ar an imeacht. Tháinig seisiún beomhar ceisteanna agus freagraí ina dhiaidh seo, a thug deis don lucht freastail páirt a ghlacadh go díreach sa chomhrá leis na coimisinéirí agus na ceisteanna seo a phlé.



FÉILE DHOIRE

Bhí deis ag an Choimisinéir Léacht Chuimhneacháin Dhonncha Mhic Niallais a thabhairt mar chuid d'Fhéile Dhoire i mí Lúnasa.

Mhachnaigh sé ar fhorbairt na sheirbhísí poiblí do Ghaeilgeoirí ó thuaidh, ar ról na Gaeilge sa tsaol poiblí, agus ar na deiseanna atá ann le timpeallacht níos ionchuimsithí a chothú don teanga sa todhchaí.





Fleadh Cheoil na hÉireann

Tháinig Pól Deeds, an Coimisinéir Gaeilge, Katy Radford, Stiúrthóir an Oifig um Fhéiniúlacht agus Léiriú Cultúrtha, Lee Reynolds, an Coimisinéir don Traidisiún Albanach Ultach agus an Traidisiún Briotanach Ultach, agus Brian Doughterty, Príomhfheidhmeannach Chomhpháirtíocht Chultúrtha an Iarthuaiscirt le chéile d'imeacht 'Seen and Heard Together' a bhí ar siúl sa MAC mar chuid d'Fhleadh Cheoil na hÉireann. As an phlé, fuarthas léargas ar thaithí na gcainteoirí ar an chultúr chomhroinnte ó thuaidh.

Chomh maith, bhí an Mol Gaeilge Ionnaithe sa MAC le linn na seachtaine, agus bhí neart imeachtaí ar siúl ann, ina measc: ceol beo, ceardlanna ealaíne do theaghlaigh, scannáin, léachtaí, ranganna, ióga, scileanna sorcais, turais dánlanna agus seisiúin Cupán agus Comhrá Iaethúla.





Tá áthas orainn fáilte a chur roimh ár mBainisteoir Beartais, Taighde agus Comhlíontachta nua, Colm Mag Uiginn!

Agus é ag tabhairt neart taithí agus saineolais leis, beidh ról lárnach ag Colm maidir leis an obair s'againn fá bheartais agus comhlíontacht, agus na cuspóirí stráitéiseacha s'againn, a neartú. Léirítear le ceapadh Choilm go bhfuil ár bhfoireann ag dul ó neart go neart i dtráth suntasach agus muid ag ullmhú do dhréachtú na gCaighdeán agus an obair uilig atá romhainn le tacú lena gcur i bhfeidhm.

Tá muid ag dúil go mór leis an cheannasaíocht, an léargas agus an taithí a bheirfidh sé leis chuig an obair seo.

An Coimisinéir Gaeilge
Irish Language Commissioner